An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna -
Ag Cur Feabhsú Chun Cinn

*Ag Soláthar Seirbhísí Cigireachta do*
**An Roinn Oideachais**
**An Roinn Fostaíochta agus Foghlama**
**An Roinn Cultúir, Ealaíon agus Fóillíochta**

# Cigireacht Oideachais agus Oiliúna

# Tuairisc ar Chigireacht Leantach

# Gaelscoil na Daróige
# Doire

## Meitheamh 2014

**CIGIREACHT LEANTACH AR AN CHIGIREACHT LEANTACH AR GHAELSCOIL NA DARÓIGE, DOIRE, BT48 0PD (204-6687)**

Rinne an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (ETI) cigireacht leantach ar Ghaelscoil na Daróige i Meitheamh 2013. De réir an mheasúnaithe bhí cáilíocht fhoriomlán an tsoláthair sásúil. Shainaithin an chigireacht an gá le tuilleadh feabhsúchán a dhéanamh le dul i ngleic níos iomláine le riachtanais na bpáistí a bhfuil deacrachtaí foghlama acu agus an príomhoide soláthar iomlán scoile a mheas ar bhonn níos criticiúla le feabhsúchán marthanach a chur i bhfeidhm.

San eatramh ón chigireacht leantach dheireanach, lean an scoil de thacaíocht a fháil ó Sheirbhís Idir-Bhord Gaelscolaíochta Comhairle agus Tacaíochta Curaclaim (CASS) agus ó fhoireann CASS Bhord Oideachais agus Leabharlann an Iarthair (BOLI). Lena chois sin, thug an príomhoide agus an fhoireann teagaisc cuairt ar scoil dar méid chosúil le dea-chleachtas i mbainistíocht agus i gcleachtas seomra ranga sa Bhonnchéim a bhreathnú. Rinneadh na hathruithe seo a leanas a théann i bhfeidhm ar obair na scoile ón chigireacht leantach dheireanach:

- tá an líon daltaí ar rolla ag fás leis de réir a chéile agus is é 60 an líon reatha; tá céatadán na bpáistí ar an chlár sainriachtanas oideachais tite ó 30% go 26%; agus tá céatadán na bpáistí atá i dteideal béilí saora scoile tite ó 64% go 51%;

- soláthraíonn an comhordaitheoir sainriachtanais oideachais tacaíocht i seomra ar leithligh agus inranga cúig lá sa tseachtain faoi láthair, do pháistí a sainaithnítear tacaíocht bhreise a bheith de dhíth orthu le gnéithe dá bhfoghlaim; agus

- tá an chéad bhliain den Chlár Forbairt Acmhainne Litearthachta Sainriachtanais Oideachais, a chuireann Coláiste Ollscoile Naomh Muire agus Coláiste Ollscoile an tSrutháin Mhilis, Béal Feirste ar fáil, curtha i gcrích ag beirt mhúinteoirí.

Is iad seo a leanas na feabhsúcháin is tábhachtaí a rinneadh ó chigireacht leantach Mheitheamh 2013.

- Tá cur chuige soiléir straitéiseach ag an phríomhoide maidir le foghlaim agus teagasc a mhonatóiriú agus a mheasúnú, lena n-áirítear: breathnóireachtaí pleanáilte seomra ranga a dhéanamh; mionscrúdú a dhéanamh ar obair na bpáistí; pleanáil múinteoirí a mhonatóiriú.

- Úsáideann an príomhoide agus an fhoireann sonraí feidhmíochta agus breathnóireachtaí múinteora go héifeachtach le bonn eolais níos fearr a chur faoin phleanáil agus lena chinntiú go ndéantar freastal níos iomláine ar riachtanais na bpáistí.

- Sainaithnítear na páistí a bhfuil ráitis sainriachtanais oideachais acu go luath agus cuirtear straitéisí cuí éifeachtacha ar bun le freastal ar a riachtanais aonair foghlama agus mhothúchánacha.

- Leanadh den fheabhsú i gcaighdeán obair na bpáistí agus i gcáilíocht an teagaisc a breathnaíodh; le linn na cigireachta seo, bhí réimse an teagaisc a breathnaíodh idir go maith agus ar fheabhas agus ceithre chúigiú de go han-mhaith nó ar fheabhas.

**CONCLÚID**

Sna réimsí a ndearnadh cigireacht orthu, tá cáilíocht an oideachais a sholáthraíonn an scoil seo go maith anois. Tá buanna tábhachtacha i mbunús a soláthair oideachais agus cúram tréadach. Sainaithnítear sa chigireacht leantach an gá atá leis an phríomhoide leanúint de na próisis dea-fhorbartha mhonatóireachta agus féinmheasúnaithe a neadú. Leanfaidh an ETI de dhul chun cinn na scoile sa réimse seo a mhonatóiriú.

Is tábhachtach go fóill go mbíonn an t-údarás fostaíochta, na gobharnóirí agus an fhoireann ag beartú le haghaidh agus ag bainistiú ceisteanna a bhaineann le hinbhuanaitheacht soláthar agus bhuiséad na scoile le freastal ar riachtanais na bpáistí agus na foirne faoi láthair agus feasta.

© CÓIPCHEART NA CORÓNACH 2014

Is ceadmhach an tuairisc seo a atáirgeadh ina iomláine nó ina codana, seachas lehaghaidh bearta tráchtála, nó i gcomhair réamheolaire nó fógra ar choinníoll go léireofarfoinse agus dáta na tuairisce ann.

Tá cóipeanna den tuairisc seo ar fáil ar shuíomh gréasáin na Cigireachta: www.etini.gov.uk

INVESTORS IN PEOPLE